

# Uimhirnaisc a Thaispeáint



<b>Gné den Mhata</b>	Uimhreas – uimhirnaisc <i>Comhtháthú – Teanga</i>
<b>Scileanna Forbartha</b>	Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – straitéisí oiriúnacha a roghnú agus a úsáid chun tasc a chomhall nó chun fadhb a réiteach  Cumarsáid agus cur in iúl – torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chlárú ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí  Réasúnaíocht – rudaí a rangú in aicmí loighciúla patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh
<b>Teanga agus Téarmaíocht</b>	léirigh, taispeáin, uimhreacha go 100, sprioc, uimhirnaisc
<b>Áiseanna</b>	ábhair phraiticiúla, bataí Cuisenaire, meáchain, cláir bhána, Uirlis Cuisenaire Mol Mata





## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Oibríonn na daltaí i ngrúpaí chun polomanó a fhiosrú; cruthanna atá déanta as cearnóga a chur le chéile ionas go ndéanfaidh siad aonad, rud is féidir gearradh amach gan titim as a chéile.

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí ábhair phraiticiúla/láimhseoga digiteacha chun spriocanna éagsúla a léiriú. Mar shampla, boinn chun airgead a dhéanamh, amhail 20p, bataí Cuisenaire chun 50 a léiriú, Bonn 10 chun 100 a léiriú, meáchain chun 1 kg a léiriú. Pléann an rang é seo chun smaointe agus torthaí a roinnt.

### 2 Gníomhaíocht 2

Leasaigh uimhirnaisc i réimse comhthéacsanna. Tabhair sprioc uimhir do na daltaí agus spreag iad chun an oiread bealaí agus is féidir chun an uimhir seo a bhaint amach a thaispeáint. Mar shampla, 10, 20, 50 nó 100. Déan é seo mar ghníomhaíocht ranga, áit a gcomhoibríonn an múinteoir agus na daltaí chun a sprioc-chlár 'taispeáin dom' a chruthú.

### 3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid sprioc-chlár 'taispeáin dom' taobh istigh de raon uimhreacha ar leith. Ansin, fiosraíonn siad na huimhirnaisc éagsúla/ríomhanna suimithe chun spriocanna ar leith a bhaint amach (is féidir an múinteoir nó na daltaí iad féin na spriocanna a shocrú). Ansin, malartaíonn na beirteanna na sprioc-chláir chun fiosrúcháin níos mó a dhéanamh agus chun níos mó patrún agus réiteach a shainaithint.





## Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none"><li>• Cad a shuimím le _____ chun 20, 50, 100 a dhéanamh?</li><li>• Cé mhéad slí a ndearna tú ____?</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Cad a thug tú faoi deara maidir leis na huimhreacha seo?</li><li>• Cad a fuair tú amach ó do sprioc-chlár?</li><li>• Cad iad na spriocanna is féidir liom a dhéanamh ó na huimhreacha?</li><li>• Cad iad na bealaí eile chun an sprioc seo a dhéanamh?</li><li>• Déan cur síos ar conas a bhain tú an sprioc amach.</li></ul>

## Difreáil

Socraigh uimhreacha úsáidte agus spriocanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealáochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

